

LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH
CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

# Bóthar Dhomhnach Broc go dtí Bóthar Chluain

## Sceach-Cúrsa Ghlasbhealach na Dothra

## BILEOG EOLAIS






0.8km

### CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Léargas ar an Tionscadal
2 Buntáistí na Scéime
3 An gá atá leis an Scéim
4 Príomhghnéithe
5 Cur isteach ar an Trácht
6 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn


## 1 LÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Seachadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Líonra Taistil Ghníomhaigh trí shraith tionscadal infreastruchtúir sna blianta amach romhainn. Fásfaidh an Líonra ón 10km atá ann cheana ina líonra nasctha 310km ar fud na cathrach. Cuirfidh sé seo roghanna taistil níos sábháilte, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe ar fáil.

Sainaithníodh an limistéar ó Bóthar Dhomhnach Broc go dtí Bóthar Chluain mar ionad oiriúnach le haghaidh 0.8km d’áiseanna siúil agus rothaíochta le hais chonair Ghlasbhealach na Dothra. Tionscadal Glasbhealach na Dothra Foriomlán áiseanna siúil agus rothaíochta d’ardchaighdeán le hais na Dothra ón bhfarraige chuig na Sléibhte trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire agus Rath an Dúin, agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

**AMLÍNE:**

| R2 2023 | R4 2023 | R1 2024 | R3 2024 |
|---|---|---|---|
| Dearadh Coincheapa | Comhairliúchán Poiblí | Pleanáil & Dearadh Sonrach | Tógáil na Scéime |

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 2 CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna rothaíochta cosanta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar gach aoisghrúpa agus gach cineál cumais le hais na Dothra
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú le haghaidh gach aoisghrúpa, rud a dtiocfaidh buntáistí iolracha leis ó thaobh folláine fhisiciúil agus mheabhrach de
- Áiseanna níos fearr le haghaidh coisithe agus rothaithe a chur ar fáil ag acomhal Ascaill Chnoc na Feá agus Rae na mBéabhar agus le hais Bhóthar Chluain Sceach chomh maith.


## 3 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna siúil agus rothaíochta a fheabhsú do phobail áitiúla agus athrú córa iompair i dtreo modhanna níos inbhuanaithe a éascú le haghaidh timaistriú agus taisteal fóillíochta araon.
- Nasc a chur ar fáil le hais na Dothra agus nasc a chur ar fáil le haghaidh scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí amach anseo
- Cur le laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE


**Acomhal Bhóthar Stigh Lorcáin go dtí Acomhal Ascaill Bhóthar na Feá**

Cuirfear lánaí rothaíochta cosanta aontreo ar fáil ar an dá taobh de Rae na mBéabhar idir Bóthar Stigh Lorcáin agus Ascaill Chnoc na Feá. Coinneofar trácht déthreo fós ar an gcuid seo den bhóthar agus beidh rochtain ar Gharáiste Bhus Átha Cliath fós. Cuirfear comharthaí ar an acomhal idir Ascaill Chnoc na Feá agus Rae na mBéabhar.



## Ascaill Chnoc na Feá go dtí Bealach Isteach Smurfit Kappa


Cuirfear áis siúil agus rothaíochta roinnte ar fáil ar an taobh thiar den bhóthar idir Comhal Ascaill Chnoc na Feá agus Bealach Isteach Smurfit Kappa. Chun é seo a éascú, cuirfear córas tráchta aontreo i bhfeidhm ó Bealach Isteach Smurfit Kappa go dtí comhal Ascaill Chnoc na Feá, rud a ligfeadh d' feithiclí dul ó thuaidh amháin. Beidh ar fheithiclí atá ag dul ó dheas slite eile a úsáid. Féach ar an suíomh gréasáin seo le haghaidh tuilleadh eolais - Taisteal Gníomhach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.




Coinneofar caoi ar spásanna páirceála atá ann faoi láthair ar an taobh thoir den bhóthar le hais teachíní Rae na mBéabhar. Coinneofar caoi ar an gcosán atá ann faoi láthair ar an taobh thoir den bhóthar freisin.

## Bealach Isteach Smurfit Kappa go dtí Bóthar Chluain Sceach

Tá áis siúil agus rothaíochta roinnte ar an taobh thiar den bhóthar Ascaill Bhóthar na Feá ar fáil fós. Beidh sruthanna tráchta déthreo ar an mbóthar seo fós. Déanfar na trasrianta coisithe atá ann cheana féin a uasghrádú chuig trasrian coisithe agus rothaithe.





Scéim Mholta ar Rae na mBéabhar

## 5 CUR ISTEACH BEAG AR AN TRÁCHT AGUS SUITEÁIL Á DÉANAMH

Meastar go gcuirfear tús le hoibreacha suiteála na scéime seo in R3 2024. Chun an scéim seo a chur i gcrích, déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir ár ndícheall cur isteach ar an trácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir.

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis na moltaí scéime reatha. Más mian leat breathnú ar thuilleadh faisnéise nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an tionscadal seo, féach ar na roghanna thíos:

consultation.dublincity.ie (Dean scanadh orm)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Bóthar Domhnach Broc go dtí Bóthar Chluain Sceach-Cúrsa

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árainn, Cé, Árainn, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach: 01 222 2536

CCBÁC: alerts.dublincity.ie

Tá fáil ar na líníochtaí deartha chun breathnú orthu le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08RF3F
- Ionad Pobail Dhomhnach Broc, Cúl Eaglais an Chroí Ró-Naofa Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 D04 H765
- Leabharlann Pheambróg, Bóthar Anglesea, Baile Átha Cliath 4, Co. Bhaile Átha Cliath, D04 H765
- www.dublincity.ie/activetravel

## OÍCHE EOLAIS PHOIBLÍ

Reáchtálfar imeacht eolais maidir leis an tionscadal óna **4-7i.n. ar an 9ú Samhain 2023** in Ionad Pobail Pharóiste Dhomhnach Broc ar chúl Eaglais an Chroí Ró-Naofa, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath

**CUIR DO THUAIRIM IN IÚL!**